# Tuismitheoirí na Gaeltachta

## Folúntais: Oifigeach Forbartha (Cúige Mumhan)
## Na Déise, Cléire agus Múscraí

Tá post mar Oifigeach Forbartha (Cúige Mumhan) á thairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnamh agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Beidh an tOifigeach Forbartha ag obair i Limistéir Pleanála Teanga na nDéise, Chléire agus Mhúscraí. Beidh sé/sí freagrach as seirbhísí, imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna Thuismitheoirí na Gaeltachta a eagrú agus a fhorbairt sna ceantair sin.

Beidh an tOifigeach Forbartha lonnaithe in oifig lárnach sa cheantar ina mbeidh sé nó sí ag obair

Tá tuarastal an Oifigigh Forbartha bunaithe ar scála pá d'Oifigeach Feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí (€37,919 – €61,216). Beidh an post á thairiscint ag bun an scála.

Tá tuilleadh eolais faoin bpost seo agus conas iarratas a dhéanamh ag www.tuismitheoiri.ie

Dáta deireanach d'iarratais: 1.00in Dé hAoine 21 Samhain 2025.

Tá sé i gceist ag TnaG liosta ionadaithe a bhunú mar chuid den phróiseas earcaíochta seo, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntais sa réimse seo amach anseo.

Is fostóir comhdheiseanna é Tuismitheoirí na Gaeltachta.